Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024
(OR. en)

10119/24

HYBRID 81
DISINFO 76
AG 101
PE 136
CYBER 168
JAI 834
RELEX 686
JAIEX 35
CFSP/PESC 768
PROCIV 38
IPCR 36
COPS 282

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4025ú cruinniú dá cuid an 21 Bealtaine 2024.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról bunúsach na saoránach sa daonlathas, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé do dhaonlathais saorthoghcháin chóra a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach ar bith, lena n-áirítear i réimse na faisnéise, ó ghníomhaithe stáit nó neamhstáit, chomh maith le trédhearcacht toghcháin. Ní mór ár ndaonlathais, atá bunaithe ar roghanna polaitiúla saora eolasacha, a chosaint ar gach cineál trasnaíochta eachtraí. Ní mór athléimneacht dhaonlathach a threisiú trí mhuinín a chothú agus ní mór í a bheith bunaithe ar chearta bunúsacha agus luachanna daonlathacha an Aontais Eorpaigh. Agus na billiúin saoránach ar fud an domhain ag caitheamh vóta in 2024, lena n-áirítear i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, beidh athléimneacht dhaonlathach fós ina príomhfhócas i gclár oibre na Comhairle.

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR an athrú suntasach atá tagtha ar an timpeallacht slándála san Eoraip le blianta beaga anuas mar gheall ar an ionghabháil a rinne an Rúis ar an gCrimé agus an cogadh foghach ar an Úcráin a tharla ina dhiaidh sin. Cuireann an iomaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid agus coinbhleachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear an méid atá ag titim amach sa Mheánoirthear, leis an staid sin. Thairis sin, cuireann ionstraimiú na gcoinbhleachtaí sin leis na dúshláin atá roimh ár ndaonlathais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díoscáin, polarú agus radacú sa tsochaí a ghéarú agus muinín as institiúidí agus as toghcháin a laghdú. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil gníomhaithe stáit agus neamhstáit ag baint níos mó agus níos mó úsáide as oirbhearta hibrideacha, agus gur bagairt atá ag dul i méid é sin ar shlándáil an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe.

3. AITHNÍONN SÍ luach an dlúthchomhair laistigh den Aontas Eorpach chun saorthoghcháin chóra a chosaint san Aontas agus IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, na sásraí, na líonraí agus na huirlisí uile atá bunaithe a úsáid go pras agus go cuimsitheach chun an comhar sin a áirithiú agus chun tacú le sláine na bpróiseas daonlathach, lena n-áirítear toghcháin, a chosnaítear ar gach cineál trasnaíochta eachtraí, gan bac a chur ar dhíospóireacht dhaonlathach oscailte. Chuige sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as an líonra comhair Eorpach um Thoghcháin agus as an gcóras mear-rabhaidh chomh maith le bheith ag brath ar rannchuidiú na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha agus a Tascfhórsa maidir le toghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024.

4. AITHNÍONN SÍ gur príomhghné d'fheachtais hibrideacha iad cibirghníomhaíochtaí mailíseacha go minic agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé leanúint den chibearshlándáil agus den athléimneacht a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus leagann sí béim freisin ar thábhacht an chomhair agus na dlúthpháirtíochta idirnáisiúnta i ndáil leis an méid sin. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh chun cibirghníomhaíochtaí mailíseacha i gcoinne próisis dhaonlathacha náisiúnta agus próisis dhaonlathacha an Aontais a chosc, a dhíspreagadh, agus chun freagairt orthu ar bhonn leanúnach.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gníomhaithe eachtracha stáit agus neamhstáit ann nach bhfuil drogall orthu teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha a úsáid, mar shampla an intleacht shaorga, chun éifeachtacht na bhfeachtas hibrideach atá dírithe ar chur isteach ar phróisis dhaonlathacha a mhéadú. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí intleachta saorga luas agus scála na n-oibríochtaí tionchair a mhéadú agus cruthú ábhair bhréige a chumasú, ar ábhar é a d'fhéadfadh feabhas a chur ar bhagairtí atá ann cheana, mar shampla spriocdhíriú ar iarrthóirí polaitiúla agus an dallamullóg a chur ar na saoránaigh trí fhaisnéis agus réaltacht a shaobhadh. Ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an iliomad deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil le teicneolaíochtaí nua chun go dtabharfadh an tAontas agus a Bhallstáit, cuideachtaí teicneolaíochta agus an tsochaí shibhialta freagairt éifeachtach ar na dúshláin sin, agus i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI, i measc nithe eile, an obair ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga chomh maith le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn. IARRANN SÍ ar an Ard-Ionadaí, an Coimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de chearta an duine, próisis dhaonlathacha agus an smacht reachta ar líne a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn díreach mar a dhéanaimid as líne, go háirithe tríd an litearthacht dhigiteach a chothú agus tríd an gcur chuige duinelárnach atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn i leith teicneolaíochtaí digiteacha, i gcás na hIntleachta Saorga mar shampla[1].

6. I gcomhthéacs iarrachtaí níos leithne chun ár n-athléimneacht agus ár n-acmhainneacht freagairt d'fheachtais hibrideacha a neartú, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), MEABHRAÍTEAR DI na cuspóirí a leagtar amach sa Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2022[2]. I ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí sonracha ábhartha a rinneadh:

- bunú **Bhosca Uirlisí Hibrideach an Aontais**, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha[3], lena dtugtar le chéile ionstraimí atá ann cheana agus ionstraimí nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus lena gcuirtear creat ar fáil le haghaidh freagairt chomhordaithe ar fheachtais hibrideacha a dhéanann difear don Aontas agus dá Bhallstáit agus dá chomhpháirtithe. Áirítear ann bearta coisctheacha, comhoibríocha, cobhsaíochta, sriantacha agus téarnaimh agus dlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach a neartú,

- bunú an bhosca uirlisí maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis,

[1] 11088/23
[2] EUCO 1/22
[3] 10016/22

- neartú **Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta**, a fhéachann le freagra tapa diongbháilte a thabhairt ar chibearbhagairtí agus ar chibearionsaithe agus a d'fhéadfadh cur le freagairt an Aontais ar fheachtas hibrideach, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuireann na boscaí uirlisí sin go mór le cur chuige i bhfad níos cuimsithí trí fhreagairtí comhordaithe a áirithiú ar fheachtais hibrideacha, cibirionsaithe agus gníomhaíochtaí FIMI i gcoinne an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe, agus ar an gcaoi sin an athléimneacht fhoriomlán a neartú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí agus na bearta atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, mar shampla an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Cód Cleachtais neartaithe maidir le Bréagaisnéis, an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil[4], an Treoir maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise (NIS 2)[5] agus an Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, a glacadh le déanaí. Seachas na córais smachtbhannaí atá ann cheana a chomhlánú i gcás inar gá, áirítear sna boscaí uirlisí freisin an fhéidearthacht féachaint ar bhearta sriantacha nua chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí hibrideacha agus FIMI.

7. LEAGANN an Chomhairle BÉIM freisin ar an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh chun **Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha** a bhunú agus IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún gníomhú go pras le bunú na bhfoirne sin, agus é Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI gur cheart do na Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha feidhmiú mar cheann de phríomhionstraimí Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais chun tacú le Ballstáit an Aontais agus le tíortha comhpháirtíochta bagairtí hibrideacha a chomhrac.

---

[4] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle, IO L 333, 27.12.2022

[5] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS), IO L 333, 27.12.2022

8. IARRANN SÍ go gcuirfí feabhas ar fheasacht staide roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, lena linn agus ina ndiaidh maidir le hiarrachtaí ó ghníomhaithe eachtracha stáit agus neamhstáit cur isteach ar an bpróiseas daonlathach san Aontas. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról lárnach atá ag Cill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha de chuid Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN) le tacaíocht ó Stiúrthóireacht Faisnéise EUMS faoi chreat Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC) an Aontais mar eintiteas lárnach a sholáthraíonn measúnuithe faisnéise ar bhagairtí hibrideacha bunaithe go príomha ar rannchuidithe faisnéise na mBallstát, chomh maith le feasacht staide, anailís a dhéanamh ar fhaisnéis uilefhoinse, bunaithe ar fhaisnéis foinse oscailte agus rúnaicmithe ó gheallsealbhóirí éagsúla laistigh de SEGS, den Choimisiún agus de na Ballstáit. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le feabhas a chur ar bhrath, anailís agus fadbhreathnaitheacht trí Cill Chomhtháthaithe an Aontais in aghaidh Bagairtí Hibrideacha laistigh de SIAC.

9. AITHNÍONN SÍ gurb é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an chéad uirlis forfheidhmiúcháin lenar féidir rannchuidiú go héifeachtach le maolú a dhéanamh ar na rioscaí sistéamacha a bhaineann le scaipeadh na bréagaisnéise ar líne agus le sláine na bpróiseas toghchánach a chosaint ar gach cineál trasnaíochta eachtraí. AITHNÍONN SÍ gur fóram tábhachtach é an Cód Cleachtais neartaithe maidir le bréagaisnéis agus a bhonn sínitheoirí éagsúil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le bréagaisnéis ar líne agus chun iad a phlé le linn na tréimhse toghcháin. LEAGANN SÍ BÉIM ar fhreagracht chomhpháirteach thionscal na teicneolaíochta, na rialtas agus na ngeallsealbhóirí eile as seasamh leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus leis an dioscúrsa daonlathach oscailte sa spás digiteach.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre le hardáin ar líne faoin gCód Cleachtais neartaithe maidir le bréagaisnéis agus faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus an leas is fearr a bhaint as an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus as an rialachán nua maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le rannpháirtíocht éifeachtach bunaithe ar chur chun feidhme na ngealltanas comhaontaithe, ar rannpháirtíocht níos gníomhaí le hardáin bheaga ar líne, ar chomhar leanúnach leis an bpobal geallsealbhóirí níos leithne, ar an gcéad dul síos, leis an tsochaí shibhialta, seiceálaithe fíricí, agus leis an lucht acadúil, chomh maith le malartú faisnéise le Ballstáit an Aontais.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le rannpháirtíocht na saoránach sa saol daonlathach, saor ó gach cineál trasnaíochta eachtraí. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin a chothú i measc na saoránach, an ról ríthábhachtach atá ag meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha, an gá atá le dlúthchomhar leis an tsochaí shibhialta agus leis an saol acadúil a áirithiú, ról seiceálaithe fíricí a neartú agus leibhéal leordhóthanach cuntasachta, braistint freagrachta agus trédhearcachta na n-ardán ar líne a áirithiú a thuilleadh.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na gníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a fógraíodh ina Thuarascálacha ar Shaoránacht AE 2020 agus 2023[6] a chur chun feidhme go pras agus é d'aidhm acu rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú, saoránaigh a chumhachtú agus cuimsiú saoránach san Aontas Eorpach a chothú, go háirithe trí chatagóirí vótálaithe atá faoi ghannionadaíocht a áireamh.

13. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an obair atá á déanamh ag Rannán Cumarsáide Straitéisí SEGS (SEGS StratCom) agus a thascfhórsaí, go háirithe Tascfhórsa East Stratcom lena thionscadal suaitheanta EUvsDisinfo, chomh maith le Tascfhórsa na mBalcán Thiar, Tascfhórsa South agus Tascfhórsa nuabhunaithe StratCom Sub-Saharan Africa chun rannchuidiú le cumarsáid éifeachtach fhíricbhunaithe, cur i gcoinne na bréagaisnéise, cumarsáid straitéiseach maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus timpeallacht fhoriomlán na meán agus an tsochaí shibhialta a neartú ina réigiúin faoi seach, lena n-áirítear roimh thoghcháin, lena linn agus ina ndiaidh. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cur i gcoinne FIMI, lena n-áirítear bréagaisnéis i dteangacha éagsúla agus le raon feidhme geografach leathan.

---

6 Tuarascálacha ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *EU Citizenship Report 2020 – Empowering citizens and protecting their rights* [Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 – Saoránaigh a chumhachtú agus a gcearta a chosaint], COM(2020) 730 final, agus Maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le saoránacht éifeachtach AE 2020-2023, COM(2023) 931 final

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an pacáiste maidir le cosaint an daonlathais a thíolaic an Coimisiún i mí na Nollag 2023, lena gcuirtear leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach a glacadh in 2020. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra le haghaidh Treoir maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha[7], arb é is aidhm di feabhas a chur ar cheanglais trédhearcachta chun cur i gcoinne trasnaíocht eachtrach i spás daonlathach an Aontais, agus an Moladh maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas[8], lena gcuirtear bearta nithiúla ar fáil do na Ballstáit agus do ghníomhaithe polaitiúla, lena n-áirítear páirtithe agus fondúireachtaí, chun cabhrú le próisis toghcháin a chosaint ar gach cineál trasnaíochta eachtraí.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cleachtaí, lena gcomhcheanglaítear gnéithe éagsúla mar shampla FIMI, cibirghníomhaíochtaí mailíseacha agus bagairtí ar bhonneagar criticiúil, ós rud é go bhfuil na feachtais hibrideacha agus na bagairtí hibrideacha atá romhainn ag éirí níos ilghnéithí agus níos trasearnálaí. MEABHRAÍTEAR DI luach na gcomhpháirtithe náisiúnta agus chomhpháirtithe an Aontais atá rannpháirteach i gcleachtaí mar shampla cleachtaí maidir leis an athléimneacht dhaonlathach, lena dtugtar forléargas ar na huirlisí reatha uile atá ar fáil chun ár n-athléimneacht dhaonlathach a fheabhsú i gcomhthéacs toghchán. I gcás inar féidir agus nuair is féidir, d'fhéadfaí na cleachtaí sin a dhéanamh trí chur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na struchtúir agus na heintitis uile atá ann cheana, mar shampla an Córas Mear-Rabhaidh, an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (EU-CyCLONe), Grúpa Comhair na gCóras Gréasáin agus Faisnéise, an líonra comhair Eorpach um thoghcháin, chomh maith leis an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha agus an earnáil phríobháideach, agus an ról suntasach atá acu i bhfreagairtí éifeachtacha á chur san áireamh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin leis an obair a rinneadh faoin gCód Cleachtais neartaithe maidir le bréagaisnéis agus faoin bhFaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha.

[7] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937; COM(2023) 637 final

[8] Moladh (AE) 2023/2829 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, IO L, 2023/2829, 20.12.2023

16. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún in éineacht leis na Ballstáit anailís chríochnúil a dhéanamh ar na ceachtanna atá le foghlaim ó thoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024, aiseolas cuimsitheach a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le héifeachtacht na sásraí, líonraí, uirlisí agus beart ábhartha, agus tuairisciú a dhéanamh ar aon saincheisteanna agus bearnaí a shainaithnítear sna huirlisí atá ar fáil ionas gur féidir iad a cheartú.